

# AN LÁ BAIN CASADH AS - Bróisiúr le haghaidh Roinn 2, Ceist 1



## AN LÁ BAIN CASADH AS

### Cén ócáid é an Lá Bain Casadh As?

An Lá Bain Casadh As - seo é lá náisiúnta an tsaoarálaíochais. Is iad Ionaid Shaorálaíochas na hÉireann agus comheagraíochtaí eile a eagraíonn é.

Tionscadal ar leith is ea an Lá Bain Casadh As mar is rannpháirtíocht theagmhálach a bhíonn i gceist seachas tiomsú airgid. Mothaíonn saorálaithe láithreach go bhfuil rud éigin bainte amach acu dá bharr.

Ar an Lá Bain Casadh As, iarraidimid ar eagraíochtaí deiseanna saorálaíochas aon-uair a chur ar fáil, a rachaidh chun a leasa féin agus chun leas an phobail. Taispeánann sé chomh maith go mbaineann a lán spraoi, fiú muna mbíonn i gceist ach cúpla uair a' chloig, leis an saorálaíochas agus gur féidir leis difríocht a dhéanamh do chúrsaí.

### A bhfuil déanta ag saorálaithe

Tá bíongó imeartha acu, tá cártaí imeartha acu le daoine is sine ná iad féin.

Tá tailte scoile glanta acu, tá bruscar bailithe acu agus tá duilleoga fómhair bailithe le rácaí acu.

Tá cuireadh tugtha acu do dhaoine faoi mhíchumas ón gceantar chuig 'Lá Gníomhaíochta' a d'óstáil an scoil acu féin.

Tá múinte acu do dhaoine níos sine ná iad féin conas a gcuid fón póca nó a ríomhphost a úsáid.

### Cén fáth a nGlacfaimis Páirt ann?

- Tá spraoi ag baint leis an saorálaíochas agus bíonn sásamh le fáil as!
- Slí iontach is ea é chun scileanna nua, neartú na foirniúlachta agus ceannaireacht a fhorbairt!
- Tugtar seans duit difríocht a dhéanamh don phobal lena mbaineann tú!
- Buailéann tú le daoine eile atá chomh díograiseach leatsa i dtaobh na saincheisteanna céanna!
- Téann an saorálaíochas chun tairbhe na cothromaíochta idir saol pearsanta agus saol oibre an duine.



**Ionaid do Shaorálaithe**  
na hÉireann

## DUCD@60 - Cárta Poist le haghaidh Roinn 2, Ceist 2

BEATHA DÍNIT SLÁNDÁIL SAOIRSE MEAS

CÓIR COMHIONANNAS LEIGHEAS COSAINT

COTHROIME TRIAIL CHÓIR FREAGRACHT

OBAIR TEARMANN COINSIAS AITHEANTAS

GLUAISEACHT CEARTA AN DUINE CUR IN IÚL

TEAGHLACH RANPHÁIRTÍOCHT DAONLATHAS

DLÚTHPHÁIRTÍOCHT FÓILLÍOCHT OIDEACHAS

PRÍOBHÁIDEACHT LEAS SLÁINTE CULTÚR BAILE

SEASCA BLIAIN Ó SHIN, AR AN 10 NOLLAIG 1948, VÓTÁIL NÁISIÚIN AN DOMHAIN AR SON GLACADH LE DEARBHÚ UILECHOITEANN CHEARTA AN DUINE.

Leagann an doiciméad neamhchoitianta seo amach i dtríocha alt na cearta atá ag dul do gach duine againn toisc gur daoine sinn.

Le seasca bliain anuas dhirigh an dearbhú ár gcomhiarrachtaí chun go n-aithneofaí agus go ndearbhófaí go bhfuil sraith cearta doroinnte agus uilechoiteanna de chuid an duine ag dul do gach aon duine.

Is scáthán iad an tríocha focal thall ar thríocha bunalt an dearbhaithe. Ní amháin gur achomre iad na focail seo ar Dhearbhu Uilechoiteann Chearta an Duine ach chomh maith leis sin ar obair Amnesty Idirnáisiúnta a bhíonn ag iarraidh na cearta atá cumhdaithe sa dearbhú seo agus dínit gach duine a chur chun cinn agus a chosaint.

Chun teacht ar chóip iomlán de Dhearbhu Uilechoiteann Chearta an Duine in aon cheann de 17 dteanga éagsúla tabhair cuairt ar [www.amnesty.ie](http://www.amnesty.ie)

CHUN BHEITH LINN INÁR GCUID OIBRE CHUN CEARTA AN DUINE A CHUR CHUN CINN AGUS A CHOSAINT TÉACSÁIL AN FOCAL 'JOIN' CHUIG 51444

Costas téacsála de réir an ghnáthráta

[www.amnesty.ie](http://www.amnesty.ie)

AMNESTY  
IDIRNÁISIÚNTA



## Noda ó Change.ie - Faisnéis ó Shuíomh Gréasáin le haghaidh Roinn 2, Ceist 3

**Athchúrsáil.** An bhfuil tú éirithe bailithe de do sheanádaí?

Bronn iad, seachas iad a chaitheamh uait agus iad a bheith ag tachtadh ár láithreáin fuílligh. Má tá tú á dtabhairt do do dheirfiúracha agus do dheartháireacha, tá sé sin go breá ar fad; mura bhfuil, cuir ar aghaidh iad chuig cumann carthanachta. Déanfar deimhin de go sroichfidh siad duine éigin a bhfuil gá aige leo. Nó, is féidir leat iad a mhalartú le do chairde agus cuma níos úire a chur ar do chuid éadaí féin!



Mura bhfuil fonn ort a bheith chomh carthanach sin, déan iarracht do sheanádaí nó d'oiriúintí a dhíol ar líne nó i siopaí athdhíola. Déanfaidh tú roinnt airgid, agus beidh margadh maith nua le fáil ag duine eile agus beidh tú ag cabhrú leis an gcomhshaol!

**N  
O  
D  
A  
  
D  
U  
I  
T**



**Athchúrsáil.** Agus ní amháin na gnáthrudaí ar nós páipéir agus gloine. An mbeidh an fón nua á fháil agat le haghaidh do lae breithe? Tá an t-ádh leat... Ach ní bheidh an t-ádh céanna le do sheanfón. Déan deimhin de go ndéanann tú é a athchúrsáil! Mar an gcéanna le batairí caite... féadann na hábhair a úsáidtear chun na táirgí seo a dhéanamh damáiste a dhéanamh dár solárthairtí uisce. Déan deimhin de go mbíonn said san áit cheart ar deireadh chun go n-athchúrsáilfear agus chun go n-athúsáidfear iad!

Faigh réidh leo trí iad a thabhairt do chumann carthanachta nó chuig d'ionad áitiúil athchúrsála.

Cóirithe ó: [www.change.ie](http://www.change.ie)

# Iontaobhas Bailecheantair Niall Mellon - Bileog Faisnéise le haghaidh Roinn 2, Ceist 4



Nuair a chonaic Niall Mellon lena shúile cinn an bhochtaineacht sna bailecheantair, bhunaigh sé Iontaobhas Bailecheantair Niall Mellon sa bhliain 2002 chun tithe a sholáthar do phobail bhochta sna bailecheantair san Afraic Theas. Bailíonn saorálaithe as Éirinn airgead agus taistealaíonn said go dtí an Afraic Theas chun tithe a thógáil sna bailecheantair.



## Uaidh seo....




## ....chuige seo



- Tá sé léirithe go leanann drochshláinte, oideachas míshásúil agus easpa measa ag an duine air féin, an té a mbíonn cónaí air i seantán.
- Mura mbraitheann daoine go bhfuil baile dá gcuid féin acu, féadann sin baint den mheas a bhíonn acu orthu féin.
- Gan bhuntithíocht, ní bhíonn ar chumas teaghlaigh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin eile a thagann in éineacht leis an mbochtaineacht cosúil le coireacht, oideachas míshásúil, cothú easnamhach, comharsanachtaí ag meathlú agus cúram sláinte atá faoi bhun caighdeáin.

I gcompháirt le



Is as na bailecheantair féin a thagann formhór an lucht oibre. Lárchuid d'obair Iontaobhas Bailecheantair Niall Mellon is ea an fhorbairt phobail, ag obair i gcompháirt leis na pobail áitiúla i bpleanáil agus i ndearadh na bpobal nua.

Cóirithe ó: [www.irishtownship.com](http://www.irishtownship.com)